Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

13888/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0298(COD)

CODEC 1794
SOC 666
EMPL 474
SAN 571

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2009/148/CE maidir le hoibrithe a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le nochtadh don aispeist ag an obair **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 29 Meán Fómhair 2022, chuir an Coimisiún a thogra[1], bunaithe ar Airteagal 153(2), pointe (b), in éineacht le mír 1, pointe (a) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 15 Nollaig 2022[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 16 Márta 2023[3].

4. An 3 Deireadh Fómhair 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann glacadh leis[4].

[1] 12863/22 + ADD 1-4.
[2] IO C 100, 16.3.2023, lch. 118.
[3] IO C 188, 30.5.2023, lch. 70.
[4] 13634/23.

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 48/23 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Bhulgáir, an Pholainn agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle san Aguisín a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.